# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Páipéar I (160 marc)

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - (**0-3)** marc | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **10 + 8** | = | **<u>18 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **<u>28 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| | **8 + 6** | **=** | **<u>14 mharc</u>** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó TG4. Tá láithreoir spóirt á lorg ag TG4 chun an clár 'Ar an Taobhlíne' a chur i láthair. Beidh an duine a cheapfar i láthair ag cluichí de chuid Chumann Lúthchleas Gael i staideanna éagsúla ar fud na tíre ag an deireadh seachtaine. Ar an gclár, pléifidh an láithreoir scileanna na n-imreoirí, caighdeán na himeartha agus deiseanna scórála sna cluichí le painéal saineolaithe. Fógróidh an láithreoir laoch na himeartha i ndiaidh na gcluichí. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo, tá céim san iriseoireacht, líofacht sa Ghaeilge agus eolas maith ar na cluichí gaelacha. Is é an tuarastal ná seasca míle euro sa bhliain. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag www.tg4.ie. Is é an naoú lá déag de mhí Lúnasa an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

### Fógra a Dó (Canúint Uladh)

Seo fógra ó Choiste Glas Scoil an Droichid. Beidh Lá Gníomhaíochta ar son na hAeráide á eagrú sa scoil Dé Céadaoin seo chugainn. Is é téama an lae speisialta seo ná cén dóigh ar féidir lorg carbóin na scoile a laghdú. Iarrfar ar gach scoláire siúl nó rothaíocht ar scoil an lá sin. Eagrófar díospóireachtaí ranga do na scoláirí sóisearacha agus pléifidh siad téama an bhruscair sna díospóireachtaí sin. Taispeánfar scannán dar teideal 'Ár bPláinéad i mBaol' do na scoláirí sinsearacha ar a haon déag a chlog. Ag am lóin, ní bheidh cead ag na scoláirí buidéil phlaisteacha a thabhairt isteach sa cheaintín leo. Eagrófar ceardlanna éagsúla do na scoláirí i rith an lae. Sna ceardlanna sin, pléifear an athchúrsáil, caomhnú fuinnimh, cur amú bia agus dramhaíl phlaisteach.

## Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint Chonnacht)

**An Chéad Mhír**

**Ciara:** Haigh, a Sheáin, cén chaoi a bhfuil tú? Aon scéal?

**Seán:** Bhuel, a Chiara, tá dea-scéal agam duit. D'éirigh liom i mo thriail tiomána. Tá mé an-sásta liom féin.

**Ciara:** Comhghairdeas leat, a Sheáin. Tá sé sin go hiontach. Cén uair a rinne tú an triail tiomána?

**Seán**: Rinne mé inné í.

**Ciara:** Tá mé in éad leat. Tá do cheadúnas tiomána agat anois. Nach breá duit?

**Seán:** An bhfuil tú féin ag tiomáint fós, a Chiara?

**Ciara:** Bhuel, a Sheáin, tá an tástáil teoirice déanta agam agus tá ceadúnas foghlaimeora agam. Bhí mo bhreithlá ann coicís ó shin agus d'íoc mo thuismitheoirí as ceachtanna tiomána dom mar bhronntanas.

**Seán:** Tá an t-ádh leat, a Chiara. Bhí ormsa íoc as mo cheachtanna féin i rith na bliana.

**Ciara:** Cé a thug na ceachtanna tiomána duit?

**Seán**: Teagascóir sa scoil tiomána áitiúil a thug dom iad. Mholfainn go mór é mar chuir sé ar mo chompord mé agus mhínigh sé gach rud go soiléir dom.

**An Dara Mír**

**Ciara:** An gceannóidh tú do charr féin anois?

**Seán:** Ní cheannóidh mar níl aon airgead agam. Chomh maith leis sin, ní bheinn ábalta carr a choinneáil ar an mbóthar mar tá an t-árachas róchostasach agus tá praghas an bhreosla ag ardú an t-am ar fad.

**Ciara**: Ach nach mbeadh sé áisiúil do charr féin a bheith agat agus tú ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath?

**Seán:** Ní bheadh. Níl aon ghá agam le carr agus mé ar an ollscoil mar tá stáisiún Luas gar do mo lóistín i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá seirbhís rialta bus ón áit ina bhfuil mo lóistín go dtí an ollscoil. Tá cárta taistil do mhic léinn agam agus faighim lacáiste sna táillí taistil.

**Ciara:** Nach méanar duit. Tá cónaí ormsa faoin tuath, mar is eol duit, a Sheáin. Tá mé ag tnúth go mór le mo charr féin a bheith agam. Ba bhreá liom a bheith neamhspleách ar mo thuismitheoirí mar bím i gcónaí ag brath orthu chun síob a thabhairt dom i ngach áit.

**Seán:** Déan deifir mar sin agus faigh ceachtanna tiomána a luaithe agus is féidir leat. Go n-éirí leat, a Chiara.

## Comhrá a Dó (Canúint na Mumhan)

**An Chéad Mhír**

**Pól:** Heileo, a Mháire. Féach ar na málaí ar fad atá agat. Caithfidh go raibh tú ag siopadóireacht.

**Máire:** Bhí, cinnte. Bhí mé i gCorcaigh ag siopadóireacht. Téim ann go minic mar is ansin atá na siopaí éadaí is fearr liom.

**Pól:** Cad a cheannaigh tú?

**Máire:** Cheannaigh mé bróga reatha agus sciorta. Agus, a Phóil, cheannaigh mé an cóta dearthóra seo atá á chaitheamh agam.

**Pól:** Ó, in ainm Dé, cóta dearthóra. Cé mhéad a chosain an cóta sin?

**Máire:** Thug mé seachtó euro air agus bhí mé an-sásta leis an bpraghas sin. I siopa carthanachta de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól a cheannaigh mé é.

**Pól:** Bíonn margaí maithe ar fáil i siopaí carthanachta go minic. Nuair a ghlanaim amach mo vardrús, aon rud nach mbíonn ag teastáil uaim, tugaim chuig siopa carthanachta é.

**An Dara Mír**

**Máire:** Cá gceannaíonn tusa do chuid éadaí, a Phóil?

**Pól:** Is ar líne is mó a cheannaím mo chuid éadaí na laethanta seo, a Mháire. Tá a lán buntáistí ag baint le bheith ag siopadóireacht d'éadaí ar líne. Is féidir liom éadaí a cheannach aon am is maith liom gan

bogadh as mo theach. Tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil ar na suíomhanna difriúla. Chomh maith leis sin, tagann na beartáin éadaí díreach chuig mo theach féin.

**Máire:** Ní bhíonn an t-ádh liom riamh nuair a cheannaím éadaí ar líne. Cheannaigh mé geansaí ar líne le déanaí. Nuair a chuir mé orm é, bhí an mhéid mícheart agus níor thaitin an t-éadach liom. Bhí orm é a sheoladh ar ais.

**Pól:** Is annamh a bhíonn orm aon ní a cheannaím ar líne a sheoladh ar ais. Ach bíonn dhá insint ar gach scéal i gcónaí.

**Máire:** Tá an ceart ar fad agat, a Phóil. B'fhearr go mór liom lá a chaitheamh sna siopaí ag ceannach mo chuid éadaí seachas a bheith ag brabhsáil ar líne dóibh. Caithfidh mé imeacht abhaile anois. Slán go fóill.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint Uladh)

Sheol an rialtas polasaí nua dar teideal 'Tithíocht do Chách' i mí Mheán Fómhair seo caite. Is é an aidhm atá le polasaí nua an rialtais ná dul i ngleic le géarchéim na tithíochta sa tír seo. Tá maoiniú de bhreis is fiche billiún euro curtha ar fáil don pholasaí nua seo. I measc na ngníomhartha atá sa pholasaí seo, déanfar infheistíocht le níos mó tithe ar phraghas réasúnta a thógáil agus an soláthar de thithíocht shóisialta a mhéadú. Creideann an rialtas go mbeidh torthaí fiúntacha ar na gníomhartha sa pholasaí nua seo, go mbeidh deireadh le fadhb na heaspa dídine faoin mbliain 2030 agus go gcruthófar sochaí níos cothroime do gach duine sa tír.

### Píosa a Dó (Canúint Chonnacht)

Tá aitheantas bainte amach ag Dónall Ó Héalaí as cumas a chuid aisteoireachta sa scannán Gaeilge *Arracht.* Tá an scannán suite i gConamara le linn an Ghorta Mhóir. Glacann Dónall Ó Héalaí páirt an charachtair Colmán Ó Searcaigh sa scannán. Cuirtear coir i leith Cholmáin, coir nach ndearna sé. Seasann sé an fód i gcoinne na héagóra agus iompaítear a shaol bunoscionn. Rugadh agus tógadh Dónall Ó Héalaí in Indreabhán i nGaeltacht Chonamara. Leis an gclub óige áitiúil a thosaigh sé ag aisteoireacht den chéad uair nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois. Bhí Dónall Ó Héalaí an-bhródúil as páirt a bheith aige sa scannán *Arracht* mar rinneadh an scannán ina cheantar dúchais féin, agus bhí deis aige a bheith ag aisteoireacht trí mheán na Gaeilge.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| 0 | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**CUID A (18 marc)**

**FÓGRA A hAON (10 marc)**

**1.** **(a)** Cad atá á lorg ag TG4? **2 mharc**

Láithreoir spóirt = 2 mharc
Láithreoir = 1 mharc
Duine a chuirfidh an clár spóirt 'Ar an Taobhlíne' i láthair = 2 mharc
Duine a chuirfidh 'Ar an Taobhlíne' i láthair = 2 mharc
Duine a chuirfidh clár spóirt i láthair = 2 mharc

**(b)** Luaigh **dhá** ghné de na cluichí a phléifear ar an gclár. **2 mharc + 2 mharc**

Scileanna na n-imreoirí = 2 mharc
Caighdeán na himeartha = 2 mharc
Deiseanna scórála = 2 mharc
Imreoirí = 1 mharc
An imirt = 1 mharc
An scóráil/Scór = 1 mharc
Scileanna = 1 mharc
Deiseanna = 1 mharc
Caighdeán an chluiche = 1 mharc
Caighdeán na n-imreoirí = 1 mharc
An caighdeán = 1 mharc

**2.** Scríobh síos cáilíocht **amháin** atá riachtanach don phost seo. **2 mharc**

Céim san iriseoireacht = 2 mharc

Líofacht sa Ghaeilge = 2 mharc
Gaeilge líofa/shármhaith/an-mhaith = 2 mharc
Gaeilge mhaith = 1 mharc
Eolas maith ar na cluichí Gaelacha = 2 mharc
Eolas ar na cluichí Gaelacha = 1 mharc
Eolas maith ar chluichí de chuid Chumann Lúthchleas Gael = 2 mharc
Eolas maith ar na cluichí = 1 mharc

**3.** Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas? **2 mharc**

19 Lúnasa = 2 mharc
An naoú lá déag de mhí Lúnasa = 2 mharc
An naoú lá déag de Lúnasa = 2 mharc
19/08 = 2 mharc

**FÓGRA A DÓ (8 marc)**

**1.** **(a)** Cén lá speisialta a bheidh á eagrú ag Coiste Glas Scoil an Droichid Dé Céadaoin seo chugainn? **2 mharc**

(Lá) Gníomhaíochta ar son na hAeráide = 2 mharc
(Lá) ar son na hAeráide = 1 mharc
(Lá) Gníomhaíochta = 1 mharc

**(b)** Cad é téama an lae speisialta seo? **2 mharc**

Cén dóigh ar féidir lorg carbóin na scoile a laghdú = 2 mharc
Lorg carbóin na scoile a laghdú = 2 mharc
Lorg carbóin na scoile = 1 mharc
Lorg carbóin a laghdú = 1 mharc

**2.** Cén teideal a bheidh ar an scannán a thaispeánfar do na scoláirí sinsearacha? **2 mharc**

Ár bPláinéad i mBaol = 2 mharc

**3.** Scríobh síos ábhar **amháin** a phléifear sna ceardlanna éagsúla ar an lá. **2 mharc**

An athchúrsáil = 2 mharc
Caomhnú fuinnimh = 2 mharc
Cur amú bia = 2 mharc
Dramhaíl phlaisteach/bruscar plaisteach = 2 mharc
Fuinneamh = 1 mharc
Bia = 1 mharc
Dramhaíl/bruscar = 1 mharc
Plaisteach = 1 mharc

**CUID B (28 marc)**

**COMHRÁ A hAON (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén dea-scéal atá ag Seán do Chiara? **2 mharc**

D'éirigh leis ina thriail tiomána = 2 mharc

**2.** Cathain a bhí breithlá Chiara ann? **2 mharc**

Coicís ó shin = 2 mharc

**3.** Luaigh cúis **amháin** a molfadh Seán go mór an teagascóir a bhí aige. **2 mharc**

Chuir sé ar a chompord é = 2 mharc
Mhínigh sé gach rud go soiléir dó = 2 mharc
Mhínigh sé gach rud dó = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** chúis nach mbeadh Seán ábalta carr a choinneáil ar an mbóthar.
**2 mharc + 2 mharc**

Níl aon airgead aige = 2 mharc
An t-árachas róchostasach = 2 mharc
An t-árachas = 1 mharc
Róchostasach = 1 mharc
Praghas an bhreosla ag ardú (an t-am ar fad) = 2 mharc
Praghas an bhreosla = 2 mharc

**2.** Tabhair cúis **amháin** nach bhfuil aon ghá ag Seán le carr agus é ar an ollscoil. **2 mharc**

Tá stáisiún Luas gar dá lóistín = 2 mharc
Tá seirbhís rialta bus ón áit ina bhfuil a lóistín go dtí an ollscoil = 2 mharc
Tá cárta taistil do mhic léinn aige = 2 mharc
Faigheann sé lacáiste sna táillí taistil = 2 mharc
Tá sé ábalta an Luas/an bus/a thógáil/a fháil go dtí an ollscoil = 2 mharc
Téann sé ar an mbus/ar an Luas = 2 mharc

**3.** Cén fáth a bhfuil Ciara ag tnúth go mór lena carr féin a bheith aici? **2 mharc**

Ba bhreá léi a bheith neamhspleách ar a tuismitheoirí = 2 mharc
Bíonn sí i gcónaí ag brath ar a tuismitheoirí chun síob a thabhairt di i ngach áit = 2 mharc
Ag brath ar a tuismitheoirí chun síob a thabhairt di = 2 mharc
Tá cónaí uirthi faoin tuath = 1 mharc
Neamhspleách ar a tuismitheoirí = 1 mharc
Neamhspleách = 1 mharc

**COMHRÁ A DÓ (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a dtéann Máire go Corcaigh ag siopadóireacht go minic? **2 mharc**

Is ansin atá na siopaí (éadaí) is fearr léi = 2 mharc
Is ansin atá na siopaí is fearr = 2 mharc
Tá na siopaí (éadaí) is fearr ann = 2 mharc
Na siopaí (éadaí) is fearr = 1 mharc

**2.** Cén saghas cóta a cheannaigh Máire? **2 mharc**

(Cóta) dearthóra = 2 mharc

**3.** Luaigh rud **amháin** a deir Pól faoi shiopaí carthanachta. **2 mharc**

Bíonn margaí maithe ar fáil iontu = 2 mharc
Aon rud nach mbíonn ag teastáil uaidh, tugann sé chuig siopa carthanachta é = 2 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an tsiopadóireacht d'éadaí ar líne, dar le Pól.
**2 mharc + 2 mharc**

(Is féidir leis) éadaí a cheannach aon am is maith leis gan bogadh as a theach = 2 mharc + 2 mharc
(Is féidir leis) éadaí a cheannach aon am is maith leis = 2 mharc
(Is féidir leis) éadaí a cheannach gan bogadh as a theach = 2 mharc
Tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil ar na suíomhanna difriúla = 2 mharc
Tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil = 2 mharc
Tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil ar líne = 2 mharc
Tagann na beartáin (éadaí) díreach chuig a theach féin = 2 mharc

**2.** Tabhair an **dá** chúis ar sheol Máire ar ais an geansaí a cheannaigh sí ar líne.
**2 mharc + 2 mharc**

Bhí an mhéid mícheart = 2 mharc
Níor thaitin an t-éadach léi = 2 mharc
An t-éadach = 1 mharc

## CUID C (14 mharc)

## PÍOSA A hAON (8 marc)

**1.** Cathain a sheol an rialtas an polasaí nua? **2 mharc**

I mí Mheán Fómhair seo caite = 2 mharc

**2.** Cén aidhm atá le polasaí nua an rialtais? **2 mharc**

Dul i ngleic le géarchéim na tithíochta (sa tír seo) = 2 mharc
Dul i ngleic le heaspa dídine = 2 mharc
Iarracht a dhéanamh fadhb na tithíochta a réiteach = 2 mharc
Deireadh a chur le fadhb na tithíochta (sa tír seo) = 1 mharc

**3.** Scríobh síos an **dá** thoradh fhiúntacha a chreideann an rialtas a bheidh ar na gníomhartha sa pholasaí nua seo. **2 mharc + 2 mharc**

Deireadh le fadhb na heaspa dídine faoin mbliain 2030 = 2 mharc
Deireadh le fadhb na heaspa dídine sa bhliain 2030 = 2 mharc
Deireadh le fadhb na heaspa dídine = 1 mharc
Go gcruthófar sochaí níos cothroime do gach duine sa tír = 2 mharc
Sochaí níos cothroime = 2 mharc

## PÍOSA A DÓ (6 mharc)

**1.** Cén fáth a bhfuil aitheantas bainte amach ag Dónall Ó Héalaí sa scannán *Arracht*? **2 mharc**

As cumas a chuid aisteoireachta = 2 mharc
As a chuid aisteoireachta = 1 mharc
Aisteoireacht = 1 mharc
Mar aisteoir = 1 mharc

**2.** Cén tréimhse i stair na hÉireann ina bhfuil an scannán *Arracht* suite? **2 mharc**

An Gorta Mór = 2 mharc

**3.** Tabhair cúis **amháin** a raibh Dónall Ó Héalaí an-bhródúil as páirt a bheith aige sa scannán *Arracht*. **2 mharc**

Rinneadh an scannán ina cheantar dúchais féin = 2 mharc
Rinneadh an scannán ina cheantar dúchais = 2 mharc
Rinneadh an scannán ina cheantar féin = 2 mharc
Rinneadh an scannán i gConamara = 2 mharc
Rinneadh an scannán in Indreabhán = 2 mharc
Bhí deis aige a bheith ag aisteoireacht trí mheán na Gaeilge = 2 mharc
Ag aisteoireacht trí mheán na Gaeilge/sa Ghaeilge = 2 mharc

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

**A.** Aiste **nó** Alt Nuachtáin / Irise

**B**. Scéal

**C.** Díospóireacht / Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar bailí/fiúntach agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

| **Siombailí Anótála** | **Cur Síos** | **Arna Léiriú** |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Eolas bailí/ceart/ábhartha lena ngabhann fiúntas |
| ✕ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/ litrithe |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh an phíosa/an ailt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **S1** | Iarracht easnamhach | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S2** | Iarracht easnamhach | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S3** | Iarracht easnamhach | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S4** | Iarracht easnamhach | Easnamhach i gcás A(c) agus A(e) |

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc)**
Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc)**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| **Aicme** | **Marc** |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag / bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc)**

**(i)** Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

**(ii)** Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí agus litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil ábhartha cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge. Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad ábhartha, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil ábhartha agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin. Cuir líne chorrach cheartingearach ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach bhfuil ábhartha.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| 1. **Stór Gaeilge**<br>2. **Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**An Grádú Marcála (iarrachtaí easnamhacha)**

| Siombailí Anótála | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| **S1** | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (4)<br>Ábhar (13)<br>Gaeilge (68) |
| **S2** | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (3)<br>Ábhar (11)<br>Gaeilge (56) |
| **S3** | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (2)<br>Ábhar (9)<br>Gaeilge (44) |
| **S4** | Easnamhach i gcás A(c) agus A(e) | Stíl (5)<br>Ábhar (10)<br>Gaeilge (54) |

**Páipéar II (120 marc)**

## Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (50 marc)

Freagair Léamhthuiscint A **nó** Léamhthuiscint B.

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| [O] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ~~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Eolas iomarcach |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh abairte/abairtí a thógtar díreach as an sliocht i gcás Cheist 6 (b) |
| **T** | Tréith | Léamhthuiscint A, Ceist 6 (b) |
| **C** | Mar a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort | Léamhthuiscint B, Ceist 6 (b) |

## LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

### Máire Mhac an tSaoi – Laoch ar Lár

**1.** **(a)** Cén nós a bhíonn ag daoine ag deireadh gach bliana? (Alt 1) **{3 mharc}**

Bíonn sé de nós ag daoine ag deireadh gach bliana:

- súil siar a chaitheamh ar an mbliain atá díreach imithe thart
- súil siar a chaitheamh ar na mórscéalta nuachta a bhí i mbéal an phobail
- súil siar a chaitheamh ar na laochra a rinne éachtaí
- súil siar a chaitheamh ar na daoine a d'imigh ar shlí na fírinne

Nóta: tá gá le 'súil siar a chaitheamh' nó frása atá ar comhchiall leis i ngach cás

**(b)** **(i)** Scríobh síos rud **amháin** a dúirt an tUachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, nuair a cailleadh Máire Mhac an tSaoi. (Alt 1) (Rud **amháin**) **{2 mharc}**

- Go raibh sí ar dhuine d'fhilí ceannródaíocha na Gaeilge san fhichiú haois
- Luaigh sé an paisean tógálach a bhí aici don Ghaeilge agus do mhuintir na Gaeltachta
- Luaigh sé an paisean tógálach a bhí aici don Ghaeilge
- Luaigh sé an paisean tógálach a bhí aici do mhuintir na Gaeltachta

**(ii)** Luaigh rud **amháin** a dúradh sna hailt a foilsíodh in irisí agus i nuachtáin in ómós do Mháire Mhac an tSaoi. (Alt 1) (Rud **amháin**) **{2 mharc}**

- Moladh í mar thaidhleoir = 2 mharc
- Moladh í mar scoláire = 2 mharc
- Moladh í mar scríbhneoir = 2 mharc
- Moladh í mar aistritheoir = 2 mharc
- Dúradh go mairfeadh a cáil mar bhean liteartha i bhfad = 2 mharc
- Dúradh go mairfeadh a cáil mar bhean liteartha i ndiaidh na haoise seo = 2 mharc
- Dúradh go mairfeadh a cáil mar bhean liteartha = 1 mharc
- Dúradh go mairfeadh a cáil i bhfad = 1 mharc
- Dúradh go mairfeadh a cáil i ndiaidh na haoise seo = 1 mharc

**2.** **(a)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoi athair Mháire, Seán Mac an tSaoi. (Alt 2) (**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Throid sé in Éirí Amach na Cásca
- Duine de bhunaitheoirí Fhianna Fáil ba ea é
- Bhí sé ina Aire Airgeadais
- Bhí sé i rialtas de Valera

**(b)** **(i)** Cá bhfios dúinn go raibh cumas intleachta as an ngnách i Máire? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Bhuaigh sí an Scoláireacht Taistil
- Bhuaigh sí an gradam ba mhó a bhí á thairiscint ag an Ollscoil Náisiúnta do mhic léinn ag an am

**(ii)** Cén fáth arbh éigean do Mháire an plean a bhí aici chun dul ag staidéar in *Institut des Hautes Études en Sorbonne* i bPáras, a chur ar athlá? (Alt 2) **{2 mharc}**

- (Toisc go raibh) an Dara Cogadh Domhanda ar siúl = 2 mharc

**3. (a)** Scríobh síos **dhá** chúis nach ndeachaigh Máire leis an dlí mar ghairm bheatha riamh. (Alt 3)
(**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Ní raibh mian a croí ann
- Bhí níos mó suime aici i gcúrsaí litríochta
- Bhí níos mó suime aici sa saol acadúil

**(b) (i)** Cén toradh a bhí ar scrúdú oscailte iomaíoch na Státseirbhíse a rinne Máire? (Alt 3)
**{2 mharc}**

- Ghnóthaigh sí an dara háit ann
- Ceapadh í mar oifigeach riaracháin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Ba í Máire an chéad bhean a earcaíodh sa Roinn Gnóthaí Eachtracha ar an dóigh sin

**(ii)** Cén obair a rinne Máire ar feadh trí bliana nuair a d’fhill sí ar Bhaile Átha Cliath as Maidrid? **{2 mharc}**

- Bhí sí ar an bhfoireann a chabhraigh le Tomás de Bhaldraithe *Foclóir Béarla-Gaeilge* a chur le chéile
- Chabhraigh sí le Tomás de Bhaldraithe *Foclóir Béarla-Gaeilge* a chur le chéile

**4. (a)** Tabhair **dhá** shlí ina raibh tionchar mór ag uncail Mháire, an Moinsíneoir Pádraig de Brún, ar a saol ó thaobh na Gaeilge de. (Alt 4)
(**Dhá** shlí) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc} {3 mharc}**

- Dúirt Máire gur trí mheán na Gaeilge a thug a huncail an t-eolas go léir ar chúrsaí léinn di
- Thóg sé teach, ‘Tigh na Cille’, i nDún Chaoin i nGaeltacht Chorca Dhuibhne chun gurbh fhéidir le clann a dheirféar, máthair Mháire, fás aníos ag labhairt Gaeilge

**(b) (i)** Conas a chuir na tréimhsí a chaith Máire i gCorca Dhuibhne lena cumas filíochta? (Alt 4)
**{2 mharc}**

- (Ba i gCorca Dhuibhne a) fuair sí an saibhreas Gaeilge a chuir ar a cumas í féin a chur in iúl (gan dua trí mheán na filíochta)
- Ba é an paisean a bhí aici don teanga a mhúnlaigh a modh smaointeoireachta
- Ba é an paisean a bhí aici don teanga a mhúnlaigh a meon

**(ii)** Luaigh rud **amháin** a dúirt Máire in agallamh san iris *Comhar* in 2012. (Alt 4) **{2 mharc}**

- Dúirt sí go raibh sí buartha i gcónaí go gcaillfí an chuid sin d’oidhreacht na hÉireann a bhaineann leis an nGaeilge
- Dúirt sí go raibh sí buartha go mbáfaí sinn ar deireadh thiar faoi ualach mór de Bhéarla Mheiriceá

**5.** **(a)** Cén fáth a ndeirtear go raibh Máire Mhac an tSaoi misniúil ó thaobh téamaí de ina cuid filíochta? (Alt 5) **{3 mharc}**

- Scríobh sí go hoscailte fírinneach faoi mhianta collaí agus faoin máithreachas ag am a raibh ról agus guth na mban sa saol poiblí agus sa litríocht fós cúng srianta
- Scríobh sí go hoscailte fírinneach faoi mhianta collaí agus faoin máithreachas = 2 mharc
- Scríobh sí go hoscailte fírinneach faoi mhianta collaí = 1 mharc
- Scríobh sí go hoscailte fírinneach faoin máithreachas = 1 mharc

**(b)** **(i)** Luaigh an **dá** chúis ar bhain sí úsáid sí as pearsana ban as traidisiúin litríochta na Gaeilge ina cuid filíochta. (Alt 5) (**Dhá** chúis) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Chun ábhar mothálach a láimhseáil ar bhealach drámata = 1 mharc
- Chun an t-eispéireas baineann a fhiosrú = 1 mharc

**(ii)** Cad a spreag Máire chun scríobh faoi Phiaras Feiritéar? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Dúirt Máire gurbh é (an file Piaras Feiritéar ó iarthar Chiarraí) an laoch ba mhó a bhí aici
- Spreag na scéalta a chuala sí faoi (Phiaras Feiritéar i nDún Chaoin) í

**6.** **(a)** Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 1 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 1: go mairfeadh; mairfeadh
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5: cuimhneofar

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** thréith de chuid Mháire Mhac an tSaoi, dar leat. Bíodh sampla **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

**Dhá** thréith = **6** mharc + **6** mharc
Tréith **1** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc
Tréith **2** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Gan tréith(e) luaite, ní féidir glacadh leis an sampla/na samplaí.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Samplaí**

- Duine intleachtúil/meabhrach ba ea í…
- Cumas intleachta…
- Ceannródaí mná ba ea í…

- Dílis don Ghaeilge…
- Duine a threabh bealaí nua…misniúil/cróga…bhris sí talamh nua…
- Neamheaglach…ceannródaíoch…intinn neamhspleách…daingean…
- Spéis mhór aici i saol Chorca Dhuibhne…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar thréithe eile agus ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)**

**Ceol Traidisiúnta na hÉireann**

**1. (a)** Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil ár bhféiniúlacht chultúrtha tábhachtach dúinn mar Ghaeil. (Alt 1) (**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Tugann sí aitheantas dúinn (mar chine)
- Déanann sí sinn a idirdhealú (ó phobail eile)
- Músclaíonn sí mórtas ionainn (mar Ghaeil)

**(b) (i)** Luaigh pointe **amháin** eolais faoin bhféile cheoil bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann. (Alt 1) **{2 mharc}**

- Meallann sí ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ó gach cearn den tír agus ó thíortha thar lear = 2 mharc
- Meallann sí ceoltóirí/amhránaithe/damhsóirí ó gach cearn den tír = 2 mharc
- Meallann sí ceoltóirí/amhránaithe/damhsóirí ó thíortha thar lear = 2 mharc
- Meallann sí ceoltóirí/amhránaithe/damhsóirí = 1 mharc
- Bíonn **siad** in iomaíocht le chéile sna comórtais éagsúla (gan aon cháiliú = 1 mharc)
- Bíonn **siad** ag baint taitneamh as na himeachtaí ceoil a bhíonn ar siúl le linn na féile (gan aon cháiliú = 1 mharc)

**(ii)** Tabhair toradh **amháin** a bhí ar na seónna *Riverdance* agus *Lord of the Dance*. (Alt 1) **{2 mharc}**

- Tharraing na seónna aird an domhain ar thraidisiún bríomhar ceoil agus rince na hÉireann
- Tharraing na seónna aird an domhain ar thraidisiún bríomhar ceoil na hÉireann
- Tharraing na seónna aird an domhain ar thraidisiún bríomhar rince na hÉireann
- Tá an rince Gaelach faoi bhláth athuair
- Tá an rince Gaelach faoi bhláth ó shin i leith
- Tá an rince Gaelach á chleachtadh anois ag níos mó daoine ná riamh

**2. (a)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin obair a rinne Conradh na Gaeilge chun an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn. (Alt 2)
(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Cuireadh craobhacha den Chonradh ar bun (ar fud na tíre) agus bhíodh an Ghaeilge, an ceol agus na rincí Gaelacha á múineadh sna craobhacha sin = 2 phointe eolais
- Thionóil siad Féile an Oireachtais gach bliain (ón mbliain 1897)
- Bhíodh comórtais cheoil agus amhránaíochta ar siúl ag an bhféile **sin** (gá le cáiliú)
- Cuireadh craobhacha den Chonradh ar bun (ar fud na tíre)

**(b)** **(i)** Cén fáth ar bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann i 1935? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Chun béaloideas agus oidhreacht chultúir na tíre a bhailiú sula rachadh siad i léig = 2 mharc
- Chun béaloideas na tíre a bhailiú sula rachadh sé i léig = 2 mharc
- Chun oidhreacht chultúir na tíre a bhailiú sula rachadh sí i léig = 2 mharc
- Chun béaloideas agus oidhreacht chultúir na tíre a bhailiú = 1 mharc

**(ii)** Cén tábhacht a bhain leis an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Murach an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile, chaillfí go deo cuid mhaith de na hamhráin agus de na foinn atá le cloisteáil go fairsing anois = 2 mharc
- Murach an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile, chaillfí go deo cuid mhaith de na hamhráin atá le cloisteáil go fairsing anois = 2 mharc
- Murach an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile, chaillfí go deo cuid mhaith de na foinn atá le cloisteáil go fairsing anois = 2 mharc

**3.** **(a)** Cén cóiriú nuálach a chuir Seán Ó Riada ar an gceol traidisiúnta sa scannán *Mise Éire*? (Alt 3) **{3 mharc}**

- Chóirigh sé foinn thraidisiúnta agus amhráin sean-nóis do cheolfhoireann shiansach
- Chóirigh sé foinn thraidisiúnta do cheolfhoireann shiansach
- Chóirigh sé amhráin sean-nóis do cheolfhoireann shiansach

**(b)** **(i)** Cén bealach nua a d'aimsigh Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann leis an gceol traidisiúnta a chur i láthair an phobail? (Alt 3) **{2 mharc}**

- Bhí meascán uirlisí acu agus chuir siad béim ar gach uirlis go haonarach chomh maith leis na huirlisí a bheith á seinm i dteannta a chéile

**(ii)** Luaigh rud **amháin** a léiríonn gur chuir *The Chieftains* ceol traidisiúnta na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta. (Alt 3) (Rud **amháin**) **{2 mharc}**

- Chuaigh siad ar camchuairteanna ar fud an domhain
- Rinne siad taifeadtaí ceoil i gcomhpháirt le ceoltóirí idirnáisiúnta, *The Rolling Stones* san áireamh
- Rinne siad taifeadtaí ceoil i gcomhpháirt le ceoltóirí idirnáisiúnta
- Rinne siad taifeadtaí ceoil i gcomhpháirt leis an ngrúpa *The Rolling Stones*
- Thuill siad clú idirnáisiúnta leis na fuaimrianta a rinne siad do scannáin mhór-ráchairte

**4.** **(a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi thraidisiún na píbe uilleann faoi na 1960idí. (Alt 4)

(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- (Faoi na 1960idí), bhí traidisiún na píbe uilleann i ndeireadh na feide
- Ní raibh ach fíorbheagán píobairí in Éirinn
- Ní raibh ach b'fhéidir, cúigear, ag déanamh na huirlise

**(b)** **(i)** Tabhair sampla **amháin** den bhaint a bhí ag Liam Óg Ó Floinn leis an bhfás mór a tháinig ar cháil na píbe uilleann. (Alt 4) **{2 mharc}**

- Bhí seisean i measc bhunaitheoirí an chumainn, Na Píobairí Uilleann, (sa bhliain 1968 agus é mar chuspóir acu ceol na píbe uilleann a athbheochan)
- Thaispeáin Ó Floinn go raibh an phíb uilleann oiriúnach do chineálacha eile ceoil (nuair a sheinn sé le leithéidí Kate Bush agus Emmylou Harris)
- Rinne sé comhoibriú leis an gcumadóir Shaun Davey sa saothar ceoil, *The Brendan Voyage*, saothar nuálach ceoil don phíb uilleann agus do cheolfhoireann shiansach (saothar ceoil a chuir le cáil na píbe uilleann)

**(ii)** Cén fáth a bhfuil an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)? (Alt 4)

**{2 mharc}**

- Mar shiombailí tábhachtacha d'oidhreacht bheo na hÉireann chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht
- Mar shiombailí tábhachtacha d'oidhreacht bheo na hÉireann
- Chun an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht a chosaint do na glúnta atá le teacht
- Chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht

**5.** **(a)** Scríobh síos **dhá** bhealach a gcabhraíonn forbairtí na teicneolaíochta le cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta le blianta beaga anuas. (Alt 5)

(**Dhá** bhealach: **2 mharc + 1 mharc**) **{3 mharc}**

- Tá ardáin nua ag na ceoltóirí anois chun **iad féin** agus **a gcuid ceoil** a chur os comhair an domhain mhóir (Is leor ceann amháin.)
- Is féidir le haon duine ar domhan **an ceol** agus **na hamhráin** a íoslódáil (ó na seirbhísí sruthaithe ceoil in áit ar bith.) (Is leor ceann amháin.)
- Cuireann **TG4** agus **Raidió na Gaeltachta** ardáin ar fáil do dhaoine atá ag cothú agus ag cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta. (Is leor ceann amháin.)

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** chúram atá ar an gComhairle Ealaíon. (Alt 5)

(**Dhá** chúram: **1 mharc + 1 mharc**) **{2 mharc}**

- Freagrach as na healaíona a fhorbairt
- Spéis an phobail a spreagadh sna healaíona
- Cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn
- Na healaíona a mhaoiniú

**(ii)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Thaisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath. (Alt 5) (**Dhá** phointe eolais) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Is cartlann acmhainní agus ionad tagartha í do dhaoine a bhfuil suim acu san amhránaíocht, sa cheol uirlise agus i rince dúchais na hÉireann
- Is cartlann acmhainní í agus cáiliú…'do dhaoine a bhfuil suim acu san **amhránaíocht nó** sa **cheol uirlise** nó **i rince dúchais na hÉireann**'
- Is ionad tagartha í agus cáiliú…'do dhaoine a bhfuil suim acu san **amhránaíocht nó** sa **cheol uirlise** nó **i rince dúchais na hÉireann**'

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2: bunaíodh, cuireadh
Sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5: na teicneolaíochta, na Gaeltachta, Éireann, tagartha, uirlise, na hÉireann

**(b)** Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? C (2) = **2** mharc
Pointe eolais **1** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc
Pointe eolais **2** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Samplaí**

- Chuaigh ábhar an tsleachta i bhfeidhm orm…ábhair shuimiúla…
- Bhí sé mar aidhm ag an údar cur síos cuimsitheach a thabhairt dúinn ar cheol traidisiúnta na hÉireann…
- Tá suim agam sna pearsana ceoil agus sna grúpaí ceoil a luaitear…
- Tábhacht/luach an cheoil…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**An Litríocht**

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha<br>Obair lena ngabhann fiúntas |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR/GF | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| **R** | Radhairc | Ceist 3A. (a) (i) Radhairc |
| **F** | Fuaimeanna | Ceist 3A. (a) (i) Fuaimeanna |

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

**– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)**

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

| **Catagóir** | **Eolas** | **(25 marc)** | **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 14-17 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis** **Eolas = 25 marc**

'Tugtar léiriú dúinn sa scannán *Cáca Milis*, ar an gcaidreamh idir Catherine agus Paul agus ar an toradh a bhí ar an gcaidreamh sin.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Nótaí tacaíochta**

- Is drochchaidreamh é…tá coimhlint agus teannas idir an bheirt beagnach ón tosach…
- Tá an bheirt an-difriúil – Catherine ciúin, measúil, béasach, neamhspleách agus Paul cainteach, glórach, místuama, spleách…
- Tá Catherine suite ar an traein ag léamh…suaimhneas uaithi…
- Tagann Paul ar an traein, fuadar faoi agus ligeann sé dá mhála titim…
- Piocann Catherine suas é – trua aici don duine dall…
- Áthas ar Paul ar chloisteáil guth na mná dó…suíonn sé os a comhair…
- Leanann sí uirthi ag léamh – ag iarraidh a chur in iúl dó nach dteastaíonn comhrá nó caidreamh uaithi…
- Leanann sé air ag caint is ag cur isteach uirthi…
- Is duine leithleasach é…ní thuigeann sé go bhfuil sé á crá…
- Cuireann sé déistin ar Catherine – na cosa faoin mbord – an plúchadh – an deacracht anála – á ceistiú cén dath atá ar an gcáca – ní thugann sé deis di a leabhar a léamh nó suaimhneas a bheith aici…
- Is léir go bhfuil sé iarratach – ag iarraidh í a sheoladh chun cupán caife a fháil dó…
- Paul ag maíomh as a phlúchadh – ceann de na cásanna ba mheasa dá bhfaca an dochtúir riamh…
- Cuireann sé brú ar Catherine iarraidh air cad atá le feiceáil lasmuigh den fhuinneog…ag an bpointe seo briseann ar a foighne agus socraíonn sí cleas a imirt air agus é a chur dá threoir – ag rá leis go bhfuil loch mór le feiceáil, rud nach bhfuil ann…
- Éiríonn a phlúchadh níos measa agus baineann Catherine sásamh as a mhíshuaimhneas…
- Níl deireadh le geáitsí Paul fós – nuair a thagann tralaí na sólaistí, iarrann sé ar Catherine an siúcra a chur sa chaife dó…ní fhreagraíonn sí é…a bhéasa boird ag cur as di…
- Leanann sé á crá leis an gcaint…
- Tá an mhailís ag fás inti…sroicheann an teannas eatarthu buaicphointe nuair a leagann sí a leabhar uaithi agus tugann sí faoi go diongbháilte ag rá leis go bhfuil péist sa cháca…
- Éiríonn Paul níos corraithe fós agus tagann taom giorra anála air…lorgaíonn sé an t-análóir ach tógann Catherine é…tá seisean trína chéile ach ní ghéilleann sí…fágann sí an t-análóir cúpla orlach uaidh agus imíonn sí gan focal a rá…
- An toradh – faigheann Paul bás agus dealraíonn sé nach bhfuil coinsias ar bith aici…

**nó**

**An Lasair Choille** **Eolas = 25 marc**

'Tá léiriú sa dráma *An Lasair Choille* ar an gcineál saoil atá ag Séamas, an fear óg, agus ar an athrú a thagann ar a thuiscint ar an saol sin de bharr chuairt Mhíoda.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Nótaí tacaíochta**

- Is ógfhear é Séamas atá in aimsir ag an seanfhear Micil atá ina chláiríneach iarratach, maslaitheach…
- Ón tosach tuigimid go bhfuil Séamas faoi bhois an chait ag Micil…caitheann Micil go suarach leis – is ar éigean a chloisimid tada uaidh ach orduithe agus maslaí…glacann Séamas go réidh leis an drochíde…
- Tá tuiscint theoranta ag Séamas ar an saol…ceapann sé nach bhfuil aon údar bróin ag Binncheol mar go bhfuil sé 'te teolaí' agus neart le hithe aige…
- Tá a chuid féinmhuiníne scriosta ag Micil a ghlaonn 'amadán' agus 'ceann cipín' air agus a luann na taomanna a bhuaileann é…cáineann Micil go rialta é – 'tá sé chomh maith dom a bheith ag caint leis an tlú'…
- Bíonn Séamas ag freastal ar Mhicil go dílis, foighneach, fadfhulangach: Séamas a thuill an stór airgid sa sciléad ag díol móna…
- Cuireann sé Micil ar ais sa leaba nuair a thiteann sé amach aisti…ullmhaíonn sé an bia don bheirt acu…is sclábhaí Mhicil é…
- Tá Séamas uaigneach – bíonn sé de shíor ag caint le Binncheol…Séamas lagintinneach agus goilleann an easpa féinmhuiníne air…
- Deir sé go bhfuil sé ag smaoineamh ar dhul go Sasana tar éis cainte leis an mBúrcach…ba mhaith leis rud a dhéanamh ar a 'chonlán féin'…ach arís glacann Micil le gach leithscéal chun beag is fiú a dhéanamh de seo – 'níl éirim sciortáin ionat'…
- Creideann Séamas é agus géilleann sé dó…
- Ligeann Séamas do Mhicil a smaoineamh a dhéanamh dó agus is é Séamas atá 'mar chosa agus mar lámha' ag Micil…
- Braitheann sé nach bhféadfadh sé 'gabháil aon áit. Bheidís uile ag gáirí fúm.'
- Bíonn sé leithscéalach: 'tá aiféala orm…nach seafóideach an mhaise dhom é'…ach fós tuigimid go mbraitheann sé go bhfuil folús ina shaol…
- Feicimid tuiscint shrianta Shéamais ar a shaol arís nuair a thagann Míoda…ní thuigeann sé cén fáth ar fhág sí baile…ceapann sé go bhfuil Binncheol 'lánsásta anseo'…ní thuigeann sé gurb í an chúis nach gcanann an t-éan ná nach bhfuil sé sásta lena shaol mar atá…
- Fiú nuair a deir Míoda gur mór an náire é Binncheol a choimeád i ngéibheann, deir sé nach bhfuil 'sioc ná seabhac' ag cur isteach air mar leithscéal…
- Tógann sé roinnt ama air a chuid féin a dhéanamh de dhearcadh Mhíoda ar an saol…
- Tuigeann Míoda cad atá ar siúl sa teach sin – go bhfuil máistreacht iomlán ag Micil ar Shéamas:- 'chuile shórt a dhéanamh dhósan is gan tada a dhéanamh duit féin' a deir sí…Micil ag iarraidh 'searbhónta' a dhéanamh de…
- Is de bharr na hargóna idir Micil agus Míoda a fheiceann Séamas ar deireadh nach bhfuil ó Mhicil ach 'mo chosa is mo lámha…Mo shaol fré chéile'…
- Fós, tá leisce ar Shéamas Micil a thréigean cé go n-admhaíonn sé anois go bhfuil sé tuirseach den áit seo…

- Titeann an lug ar an lag air nuair is léir nach aon iníon iarla í Míoda…déanann sí amadán de ach tuigeann sé freisin go n-osclaíonn sí a shúile dó…
- Tá léargas nua faighte aige ar a shaol – gur cláiríneach é Micil ach go bhfuil sé ag iarraidh cláiríneach a dhéanamh de Shéamas freisin – go bhfuil Séamas féin ag coinneáil an éin faoi ghlas ionas go mbeadh sé chomh dona leis féin…
- Scaoileann sé an t-éan saor agus tosaíonn sé ag canadh…
- Creideann Séamas ann féin anois agus tuigeann sé an cumas atá ann…'ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh fós'…faoi féin a bheidh sé amach anseo fanacht le Micil nó bualadh amach sa saol…níl Séamas i ngéibheann ag a mheon/a easpa féinmhuiníne a thuilleadh…

**nó**

**(b) Hurlamaboc** **Eolas = 25 marc**

'Tá léiriú sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc* ar mheon Lisín agus ar an gcaoi a múnlaíonn an meon sin an cineál saoil atá aici féin agus ag a teaghlach.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Nótaí tacaíochta**

- Is bean shaibhir agus is ball de lucht an rachmais í Lisín…í sona sásta agus ar muin na muice lena saol teaghlaigh féin…tá cónaí uirthi ar Ascaill na Fuinseoige agus tá sí pósta le Pól...tá sí go hiomlán gafa lena saol féin agus lena híomhá féin…is eiseamláir í do na mná eile ar an ascaill…
- Molann gach duine a saol…d'aithin sí na féidearthachtaí a bhí i bPól nuair a bhí sé óg agus phós sí é nuair nach raibh sé saibhir ach bhí sí chun é a chur ar an mbóthar ceart…is fear saibhir, léannta anois é agus is léachtóir ollscoile é…
- Tá sí bródúil as a fear céile…déanann sé airgead ag ceannach stoc ar an idirlíon agus bíonn an t-airgead sin infheistithe aige go cliste sa tslí nach mbíonn air a lán cánach a íoc…tá nós aige tithe agus árasáin a cheannach ar fud na hEorpa agus faigheann sé cíos ar na tithe/na hárasáin sin…tá sé saibhir anois agus tá Lisín chomh bródúil sin as Pól…sin cúis cheiliúrtha di…
- Tá sí bródúil freisin as an mbeirt mhac atá aici agus ag Pól…tá sí pósta ar feadh fiche bliain agus tá Ruán ocht mbliana déag d'aois agus Cuán trí bliana déag d'aois…bíonn sé de nós ag gach duine sa teaghlach an rud a theastaíonn ó Lisín a chloisteáil a rá léi…
- Tá cóisir mhór chaithréimeach eagraithe ag Lisín don ócáid…teastaíonn uaithi go mbeadh gach rud foirfe don chóisir…tá gloiní agus fíon ordaithe aici ón siopa fíona…reoiteoir amháin le pióga agus le hispíní, le bradán agus le harán lámhdhéanta den uile shórt agus an dara reoiteoir ar cíos don bhia milis…is léir go bhfuil teach breá fairsing le gairdín aici…má bhíonn an aimsir go deas, beidh an chóisir amuigh sa ghairdín le boird agus cathaoireacha ar iasacht ó na comharsana agus má bhíonn drochaimsir ann, beidh an teach mór go leor do na haíonna go léir…tá gach rud glan agus néata: péint nua ar na ballaí, snas ar na hurláir agus bláthanna sna prócaí…Lisín mórtasach...is léir go dteastaíonn ó Lisín an méid atá bainte amach aici sa saol a cheiliúradh agus a léiriú go hoscailte don domhan mór…
- Tá féiníomhá an-tábhachtach di…gruaig fhada fhionn uirthi…tá sí tanaí, dathúil agus foirfe…tá cuma na mná óige uirthi…ní chreidfeadh aon duine, dar leis an Uasal Mac Gabhann go bhfuil Lisín fiche bliain pósta…'tá an chuma uirthi gur cailín óg í' dar leis an Uasal Mac Gabhann…tá Lisín níos faiseanta agus níos néata ná aon bhean eile ar Ascaill na Fuinseoige…
- Is maith léi freisin nuair a bhíonn a fhios ag na comharsana go mbíonn sí gnóthach sa saol…ní gá di dul amach ag obair in aon chor…tá baint aici le mórán clubanna…foghlaimíonn sí mórchuid teangacha…tá suim mhór aici sna scannáin agus sna drámaí...ní bhíonn sí riamh díomhaoin…bean spéisiúil is ea í…

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach. **Eolas = 25 marc**

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa scannán sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar iompar an duine sin agus ar an gcaoi a dtéann iompar an duine sin i bhfeidhm ar imeachtaí an scannáin.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

**nó**

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa dráma sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar iompar an duine sin agus ar an gcaoi a dtéann iompar an duine sin i bhfeidhm ar imeachtaí an dráma.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

**Treoir:** An príomhcharachtar (an phríomhphearsa) a ainmniú agus plé a dhéanamh ar iompar an duine sin mar aon le tionchar an iompair sin ar imeachtaí an scannáin/an dráma.

| **Catagóir** | **Eolas** | **(25 marc)** | **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 14-17 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht). | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b)** Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghiota sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an ghiota.

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** An príomhthéama a ainmniú agus plé cuimsitheach a dhéanamh ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin.
An príomhthéama = 2 mharc
An plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin = 23 marc

| Catagóir | An plé | (23 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don scéal | 21-23 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don scéal | 18-20 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an scéil<br>Insint lom sna pointí eolais | 14-17 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 |
| **Lag/<br>An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

## Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

**– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).
**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

### 3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a) An tEarrach Thiar**

(i) 'Sa dán *An tEarrach Thiar*, tugann an file cuntas dúinn ar na radhairc agus ar na fuaimeanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige.' É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar na radhairc agus ar na fuaimeanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige.

| Catagóir | An plé (13 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na radhairc agus ar na fuaimeanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na radhairc agus ar na fuaimeanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na radhairc agus ar na fuaimeanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**
**Véarsa 1:** Íomhá d'fhear ag obair sa pháirc ag glanadh créafóige dá spád…an lá meirbh…níl le cloisteáil ach fuaim na spáide…tá sé mar a bheadh ceol binn á bhaint as an spád san atmaisféar ciúin síochánta…an íomhá mealltach…oibríonn an fear ar a luas agus ar a rithim féin…
**Véarsa 2:** Radharc eile a bhí coitianta san oileán le linn óige an fhile ná an fear ag iompar feamainne i gcliabh…an fheamainn dhearg ag glioscarnach faoin ngrian ar an trá chlochach bhán…tá loinnir gheal, dhraíochtúil ag baint leis an radharc…breathnaíonn gach rud níos úire san Earrach tar éis ghruaim an gheimhridh...

**Véarsa 3:** Íomhá de na mná ag obair i meitheal ar an trá – iad sna locháin atá fágtha ar an trá nuair a thránn an taoide…tá a gcótaí fillte suas acu ar eagla na fliche, a scáileanna le feiceáil thíos fúthu san uisce…is radharc draíochtach síochánta é a chuireann muintearas an oileáin in iúl…tá an file faoi gheasa ag an radharc agus ag an mothúchán seascair a ghineann sé…
**Véarsa 4:** Íomhá de na hiascairí ag rámhaíocht abhaile ag deireadh lae – dath teolaí órga ar an bhfarraige ón ngrian ag dul faoi…íomhá na flúirse – an churach lán d'éisc…cloistear an fhuaim lag fholamh a dhéanann na maidí rámha agus an bád ag druidim leis an tír…is í an t-aon fhuaim a bhriseann an ciúnas…fuaim mhall cheolmhar rithimeach…

(ii) Críochnaíonn gach véarsa leis na focail 'San Earrach Thiar.' Cén tábhacht a bhaineann leis an athrá sa líne dheireanach de gach véarsa, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = **5** mharc

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Cuireann an file béim ar an líne sin trí mheán an athrá…cabhraíonn sé le neart a ghrá don oileán a chur in iúl dúinn…
- Tugann sé le tuiscint gur am dóchasach, geal, torthúil é an t-earrach ar an oileán tar éis chruatan an gheimhridh…
- Cuireann an t-athrá béim ar cé chomh tábhachtach is a bhí an t-oileán don fhile…mhothaigh sé go raibh sé ag baile i measc a mhuintire ann…
- Tá an t-athrá cosúil le paidir/le hachainí…ba bhreá leis a bheith ann…tá sé ag guí go mbeidh sé ann…is fada leis an lá a bheidh sé ábalta a bheith ann…
- Is sórt curfá é an t-athrá a chuireann le ceol an dáin…
- Feidhmíonn an t-athrá mar chlabhsúr ar gach véarsa…déanann sé aonad as gach véarsa ach ag an am céanna, tarraingíonn sé sinn ar ais i gcónaí don téama lárnach – suáilcí an oileáin agus dúil an fhile a bheith ar ais ann…

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn 0 ar an mír ar fad.

Ainm an fhile = **1** mharc = Máirtín Ó Direáin
**Saol:** Rugadh é in Inis Mór, Árainn.
Rugadh é sa bhliain 1910.

Feirmeoirí beaga ba ea a mhuintir.
Ba é Máirtín an duine ba shine de cheathrar clainne.
D'oibrigh Máirtín in Ard-Oifig an Phoist i nGaillimh.
Bhí baint aige le Taibhdhearc na Gaillimhe.
Chuaigh sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1937.
D'oibrigh sé sa Roinn Oideachais.
Fuair sé bás sa bhliain 1988.

**Saothar:** Feamainn Bhealtaine; Coinnle Geala; Dánta Aniar; Ó Mórna agus dánta eile; Ár Ré Dhearóil; Cloch Choirnéil; Crann is Cairde; Ceacht an Éin; Dánta 1939 – 1979…

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b) Colscaradh**

(i) 'Sa dán *Colscaradh*, tugann an file cuntas dúinn ar dhá dhearcadh dhifriúla i leith an phósta.'
É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar dhearcadh an fhir agus na mná i leith an phósta agus tagairtí cruinne do théacs an dáin a úsáid sa fhreagra.
Gan ach dearcadh amháin luaite/pléite, tá an freagra easnamhach.

| **Catagóir** | **Plé (13 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agu téagartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**

Sa chéad véarsa, dírítear ar mhianta an fhir…tá an fear seanaimseartha agus coimeádach…tá bean thraidisiúnta ag teastáil uaidh, bean a d'fhanfadh sa bhaile agus a bheadh sásta páistí a thógáil…bhí sé

ag lorg mná chun socrú síos leis ina cheantar féin…tá an dearcadh sin le feiceáil sna meafair chliste a úsáidtear sa chéad véarsa…seasann 'nead a chine' don áit chónaithe agus tá súil aige go socródh a bhean síos ina áit dúchais féin; samhlaímid nead mar áit shábhailte agus shocair…seasann 'leac a thine' don teach agus do chroí an tsaoil teaghlaigh atá fíorthábhachtach i saol an fhir seo…
Is bean nua-aimseartha, neamhspleách, mhuiníneach í…dearcadh nua-aimseartha aici…tá laethanta saoire thar lear, a cuid airgid féin, saoirse, ábharachas, neamhspleáchas, saoirse phearsanta chomh maith le meas an phobail ón mbean….teastaíonn cumhacht agus údarás uaithi 'taobh den bhríste'...ní raibh sí sásta géilleadh d'údarás an fhir…an meafar 'leath den chíste'…ciallaíonn sé sin go bhfuil comhionnanas uaithi agus teastaíonn uaithi a bheith ar comhchéim lena fear céile…ní bheadh sí sásta fanacht sa bhaile faoi bhois an chait ag a fear céile…léirítear í mar dhuine santach agus leithleasach… tá sé soiléir go bhfuil a lán fadhbanna ag an lánúin seo mar bhí mianta difriúla acu…nuair a phós siad, bhí siad ag tnúth le saol sona ach de bharr na ndearcthaí difriúla a bhí acu ar shaol an phósta, chruthaigh sé teannas millteanach eatarthu agus scar siad óna chéile…an t-athrá…is é 'shantaigh' an chéad focal i véarsa a haon agus a dó…cuireann sé béim ar cé chomh santach, leithleasach agus féinlárnach is atá siad…ba mhaith leo a mianta difriúla féin a bhaint amach…ní raibh aon leigheas ar na deacrachtaí ina gcaidreamh ach colscaradh…

(ii) Cén éifeacht a bhaineann leis an dá líne dheireanacha den dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = **5** mharc

| **Catagóir** | **Marc as 5** |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Is críoch obann, fhuarchúiseach agus chumhachtach í…
- Níl ceachtar den bheirt sásta géilleadh dá chéile agus ba é an colscaradh an réiteach ar a ndeacrachtaí sa saol pósta…
- Bhí codarsnacht idir an pósadh traidisiúnta agus an pósadh nua-aimseartha agus i ndeireadh na dála, rinne an bheirt acu an cinneadh ceart imeacht óna chéile…ní bheadh siad in ann maireachtáil go sona sásta i dteannta a chéile…
- Tá cinnteacht ag baint leis an gcinneadh…níl rian den ghrá le feiceáil…
- Úsáideann an file saorbhriathar...tá an chuma neamhphearsanta oiriúnach anseo…

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn 0 ar an mír ar fad.

Ainm an fhile = **1** mharc = Pádraig Mac Suibhne

**Saol:** Rugadh é ar Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall.
Rugadh é sa bhliain 1942.
Feirmeoirí beaga ba ea a thuismitheoirí.
D'fhreastail sé ar Choláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn, ar Choláiste Mhic Carthainn i Muineachán.
Bhí sé ina ábhar sagairt i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad.
Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair.
Bhí sé ina mhúinteoir (iarbhunscoile), ina phríomhoide, ina aisteoir.
Ghlac sé páirt sa chlár grinn Gleann Ceo ar TG4.
Bhíodh sé ag aisteoireacht in Amharclann an Damer i mBaile Atha Cliath.
Fuair sé bás sa bhliain 2020.

**Saothar:** Taibhsí an Chreagáin; Spaisteoireacht; Solas Uaigneach; An Teach Glas agus scéalta eile…
An Coinín Cliste…

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as do rogha ceann **amháin** díobh seo a leanas chun an príomhthéama sin a chur in iúl: íomhánna, codarsnacht nó mothúcháin. **Eolas = 13 mharc**
Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an úsáid a bhaineann an file as íomhánna (dhá cheann, ar a laghad ag teastáil) **nó** codarsnacht (dhá phointe eolais, ar a laghad ag teastáil) **nó** mothúcháin (dhá cheann, ar a laghad ag teastáil) = **11** mharc
Mura ndéantar ach sampla nó pointe eolais amháin a phlé, tá an freagra easnamhach.

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = **5** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí an dáin.

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn 0 ar an mír ar fad.

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thus go deireadh an dáin = **11** mharc

| **Catagóir** | **Plé (11 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Tabhair pointe **amháin** eolais as an dán faoin teicníc sin.

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = 5 mharc

| **Catagóir** | **Marc as 5** |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn 0 ar an mír ar fad.

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

| **Ceist 4** | **LITRÍOCHT BHREISE** | **(40 marc)** |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

| Catagóir | Eolas (35 marc) | | Gaeilge (5 mharc) | |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 14-19 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**4A. An Triail**

'Sa dráma *An Triail*, éiríonn le Pádraig Mac Cárthaigh smacht iomlán a fháil ar aigne agus ar mhothúcháin an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, agus íocann sí go daor as a grá dó.' Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar chaidreamh Mháire le Pádraig, ar an smacht a fhaigheann sé ar aigne agus ar mhothúcháin Mháire agus mar a íocann sí go daor as a grá dó.

**Nótaí tacaíochta**

- Pádraig: bréagadóir slim sleamhain gan puinn scrupaill…
- Cladhaire mealltach a rinne dúshaothrú mínáireach ar shaontacht Mháire…'dá mbeadh a fhios ag an saol é, déarfaí gur rud gránna, gur rud peacúil é seo eadrainn…Ná creid é sin, a Mháire'…
- Chuir sé Máire faoi gheasa – pósadh bréagach – chuir sé fáinne ar a méar – chuir sé ina luí uirthi gurb ise a bhean chéile…
- Mheall sé ar dtús í le plámás agus le caint bhladrach faoin amhrán a chan sí agus faoi áilleacht a haghaidhe…
- Mheall sé í lena scéal faoi ghalar a mhná – galar gan leigheas – 'níor fhéad sí riamh a bheith ina bean chéile cheart dom'…
- Agus é ag fágáil slán léi an chéad oíche mhol sé di gan 'gach aon ní' a insint dá máthair…
- Agus iad ag bualadh le chéile go rúnda sa teach scoile feicimid Pádraig á mealladh le geallúintí bréagacha: 'ba mhaith liom a fhógairt don saol gur mise do leannán agus gur tusa mo ghrá'…
- Chuaigh sé i muinín Mháire ag cur ina luí uirthi gurbh í a ghrá agus ag rá léi gurbh ise a thug an neart dó leanúint ar aghaidh ag maireachtáil…
- Labhair sé go bladrach faoin 'rud beannaithe' a bhí eatarthu…
- Ach, chaithfeadh sé fanacht ina rún eatarthu: 'Ná habair focal le haon duine', a d'fhógair sé di… Chosain sé é féin go cúramach – ní raibh cead aici fiú scríobh chuige…
- Ag an am céanna chinntigh sé go ndeachaigh grá Mháire dó féin i dtreise…chuir sé iachall uirthi a grá dó a dhearbhú: 'Abair go bhfuil grá agat dom' ar seisean léi…ghéill sí dó…'Tá grá agam duit, a Phádraig, agus beidh go deo', a d'fhreagair sí go fírinneach…
- Cur i gcéill Phádraig – 'Dá mbeinn saor chun tú a phósadh' a mhaígh sé agus gan aon chuimhneamh aige ar í a phósadh mar is léir óna iompar ag deireadh an dráma…
- Nuair a cuireadh an ruaig uirthi ó bhaile, labhair sí le Pádraig nárbh ann dó: 'Ní raibh tú romham anocht mar a gheall tú…', a dúirt sí…ligeadh síos í…'Ní mórán a bheidh agam choíche díot...ach an méid atá, ní scarfaidh mé leis go deo'…léirítear fírinne scéal Mháire dúinn: 'An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabhairt air i m'aonar'…
- Bhí Máire chomh gafa le Pádraig go bhfulaingeodh sí gach cruatan ar a shon…thug sí Pádraigín mar ainm ar a hiníon in onóir dó…ba é a grá dó a thug an misneach di gach rud ar ghabh sí tríd a shárú…an teach tearmainn…
- An lá a bhuail sí le Colm sa chathair…dhiúltaigh sí an cuireadh chun dul ag rince leis…níor theastaigh uaithi ach tuairisc a fháil uaidh ar Phádraig…
- Rug an mhífhoighne greim uirthi ar chloisteáil di go raibh Pádraig ina bhaintreach…bhí fonn uirthi scríobh chuige ach thug sí geallúint dó nach scríobhfadh agus ba chailín dílis í…
- Bhí sí cinnte ansin go dtiocfadh sé ar a tóir féin agus ar thóir a iníne…ar an drochuair, nuair a tháinig sé go teach an mhíchlú, thuig sí an fhírinne ar deireadh…'Ní do mo lorgsa a tháinig tú anseo', a dúirt sí…bhí Pádraig pósta athuair…níor theastaigh uaidh a iníon a fheiceáil…thug sé 'striapach' uirthi…ba é sin an rud deireanach a dúirt a máthair léi agus anois ba é an rud deireanach a dúirt a grá geal léi…ghoill a bhfocail uirthi…

- De réir mar a thuig Máire an scéal i gceart, thráigh an dóchas a bhí aici…mharaigh sí a leanbh… dar le Máire féin, ní bheadh a hiníon 'ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear'…a grá do Phádraig a dhall ar an bhfírinne í…
- Díbríodh as a teach í…rinneadh imeallú uirthi sa tsochaí…chas an Eaglais a droim uirthi…bhí Pádraig freagrach as na gníomhartha seo…ba é iompar Phádraig i dteach Mhailí an catalaíoch don tragóid…

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

'Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas taitneamhach dúinn ar a chuid scolaíochta agus ar an gcleasaíocht le linn a óige.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas – cúrsaí scolaíochta agus an chleasaíocht.
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an fhreagra dá réir sin.

**Nótaí tacaíochta**
**Cúrsaí scolaíochta:**

- A chéad lá ar scoil – é sceitimíneach gan aon cheapadh gur i gcomhair na scoile 'an scriosadh' a bhí a mháthair á dhéanamh air leis an tuáille…
- Buachaill cuideachtúil, caidreamhach a bhí ann – faoi cheann cúpla mí bhí aithne aige ar na daltaí ní hamháin ina rang féin ach sna ranganna eile leis…
- Admhaíonn sé nach raibh aon luí rómhór aige leis na ceachtanna ach bhí air rud éigin a dhéanamh nó bheadh sé 'in uisce fiuchaigh leis an máistreás'…
- Ní bhíodh lá sa tseachtain ná go mbíodh bruíon idir na buachaillí agus níorbh fhada go raibh Maidhc féin sáite ann le buachaill ó Chathair Scoilbín…trí stiall den fhuinseog a tugadh dóibh as a gcuid iarrachtaí…
- Tugann sé cur síos ar na cluichí caide le liathróid bheag rubair amuigh ar an mbóthar…clocha 'ag marcáil na mbáidí'…iad slán sábháilte ag imirt ar an mbóthar mar nach mbíodh 'ach fo-chairt is capall' ag gabháil na slí…
- Bua na scéalaíochta aige…cuairt an chigire – an fuadar a bhí faoin múinteoir ag ullmhú chuige: 'ní raibh slat fuinseoige ná spúnóg cocoa le feiscint' ar bhord an mhúinteora…
- An cigire – 'ceann mór feola air agus péire spéaclaí'…thosaigh sé ag ceistiú na ndaltaí duine ar dhuine…Uinseann Ó Grífín agus an freagra neamhfhóirsteanach ar cheist faoi sheanfhocal…
- Cuireann Maidhc síos ar an 'treabh tincéirí' a chuir fúthu in aice na scoile…bhíodh na scoláirí ag faire ar an bhfear 'ag déanamh na sáspan as an stán'…bhí raic ann lá amháin nuair a chaith buachaill éigin scraithín i gcorcán na maircréal a bhí á róstadh ag bean an tincéara…chuaigh sí díreach ag gearán leis an máistir…bhí ar na buachaillí go léir seasamh i gcoinne an fhalla agus toisc nach sceithfeadh éinne, fuair na buachaillí ceithre bhuille an duine den tslat ón máistir…
- An múinteoir ag múineadh faoin nádúr do na naíonáin bheaga…tháinig buachaillín darbh ainm Pádraig amach le freagra gáirsiúil ar an gceist faoin gcat agus faoin bpiscín…
- Theastaigh ó thuismitheoirí Mhaidhc go rachadh sé chuig an gColáiste Ullmhúcháin le bheith ina mhúinteoir…tar éis dó an scrúdú a dhéanamh chuige, dúirt sé lena mháthair gurbh í an bhliain ba dheacra a bhí an scrúdú riamh é ionas nach mbeadh sí ag súil le toradh fónta… socraíodh go rachadh sé go dtí Ceardscoil an Daingin…

- Béim ar shiúinéireacht agus ar ábhair phraiticiúla eile sa cheardscoil…
- An scléip a bhíodh ag an aon duine dhéag acu istigh sa *Buick* ag triail ar an Daingean…
- An múinteoir adhmadóireachta, Micheál Ó hIarnáin…cuairt ar thigh Mhaidhcín Fuacht ag am lóin…
- An comórtas idirchontae peile…Craobh an Chontae buaite ag Ceardscoil an Daingin den chéad uair riamh…
- Rásaíocht na naomhóg…
- Tar éis dhá bhliain sa Cheardscoil fuair Maidhc an Grúptheastas…dúirt sé gurbh iad an dá bhliain is fearr a chuir sé isteach riamh mar fuair sé treoir ann chun tabhairt faoin saol mór agus cuireadh ar bhóthar a leasa é…

**An Chleasaíocht:**

- Rógaire ceart ba ea Maidhc Dainín…níor ghabh sé riamh thar an droichead gan sracfhéachaint a thabhairt san abhainn féachaint an bhfeicfeadh sé bradán…lá amháin chonaic sé radharc a chuir éirí croí air – bradán mór groí…
- Maidhc Dainín agus a athair, Dainín ag breith ar an mbradán le píce…thit Dainín san abhainn…phléasc Maidhc amach ag gáire faoi…chuala Maidhc drochfhocal as béal a athar den chéad uair riamh…an t-iascach mídhleathach…
- Dúil Mhaidhc sa tobac…ní bheadh duine ina fhear, dar leis, 'go mbeadh feaig sáite amach as a phus aige'…bhí saghas laochais ag baint leis…a chéad toitín…Maidhc agus Eddie ag bailiú na mbuiteanna lasmuigh de Halla an Pharóiste…
- Is iomaí seift a bhíodh acu chun fiacha na dtoitíní a fháil…
- An ruathar faoi bhotháin na gcearc…Meex…deir sé linn gurbh fhusa 'briseadh isteach go Fort Knox ná dul isteach ina chlós cearc siúd'…
- Bhí Maidhc san 'uisce fiuchaigh' an lá a fuair sé nead uibheacha sa chlaí agus dhíol sé iad le bainisteoir na huachtarlainne…thug an bainisteoir cuairt ar theach Mhaidhc ag gearán go raibh sicíní marbha sna huibheacha…bhí fuadar faoi Mhaidhc éalú óna athair a bhí le ceangal…
- Nuair a bhíodh Grae istigh ag insint scéalta bhíodh a chluas ag poll na heochrach ag Maidhc ag éisteacht leis…
- Samhradh na bliana 1958 rinne Maidhc teagmháil le ceannaire an chúrsa Gaeilge ar chloisteáil dó go raibh ceoltóir ag teastáil do na céilithe beaga…ní hamháin go raibh airgead le déanamh as agus saorchead isteach chuig céilithe móra ach bhí radharc aige ón stáitse ar gach a bhí ar siúl…Eibhlín Ní Shúilleabháin as cathair Luimnigh…gach oíche théidís ag cúirtéireacht…bhí an-uaigneas orthu oíche dheireanach an chúrsa…plean aige chun breis ama a chaitheamh le hEibhlín…eachtra an dréimire…tháinig bean an tí amach le scuab…d'aimsigh sí Maidhc idir an dá shlinneán agus mhóidigh sé nach rachadh sé ar ais chuig an teach sin go deo fiú dá mbeadh Elizabeth Taylor ag feitheamh leis ann…

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

'Tá an díoltas i bhfad níos láidre ná an grá sa *Tóraíocht*.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar an díoltas agus ar an ngrá atá ag teastáil le tagairtí téagartha cruinne as an téacs…

**Nótaí tacaíochta**

- Fionn ag lorg mná – molann Oisín agus Diorraing bean a 'dhiongbhála dó' – Gráinne, iníon Chormaic Mhic Airt…

- Ar dtús thug Gráinne le fios go mbeadh sí sásta le Fionn mar chéile dá mbeadh Cormac sásta leis mar chliamhain…
- Ach nuair a tháinig Fionn agus na Fianna go dtí an ceiliúradh cleamhnais i dTeamhair, rinne sí iarracht ar shuirí a dhéanamh le hOisín ach dhiúltaigh sé di…
- Ansin roghnaigh sí Diarmaid, 'an t-aon leannán ban agus iníon is fearr atá in Éirinn go hiomlán' ach ní raibh Diarmaid sásta aon bhaint a bheith aige le bean a bhí luaite le Fionn…
- Ní shásódh rud ar bith í ach Diarmaid a chur faoi gheasa agus bhí air dul léi i gcoinne a thola…
- Mhaígh Gráinne gur thit sí i ngrá le Diarmaid cheana féin nuair a leag sí súil air le linn cluiche iomána i dTeamhair agus nach mbeadh grá aici d'éinne eile choíche…ní raibh an dara rogha ag Diarmaid mar a dúirt Oscar 'is trú choilleas a gheasa'…
- Grá ag Diarmaid dá chairde – Oisín, Oscar, Diorraing…nuair a bhí sé ag fágáil le Gráinne, shíl Diarmaid deora móra…
- Rinne Diarmaid gach iarracht intinn Ghráinne a athrú ach bhí sí diongbháilte agus ní ghlacfadh sí le haon leithscéal uaidh ach gar éigin á iarraidh aici air i gcónaí, mar shampla, dul ar ais chun capaill agus carbad a fháil di…
- Ba mhasla mór é d'Fhionn go raibh a 'fear coimhdeachta' tar éis teitheadh leis an mbean a bhí luaite leis…
- Fearg agus éad ar Fhionn nuair a dhúisigh sé ón deoch suain a bhí curtha timpeall ag Gráinne…ní éisteodh sé le hachainí na laochra eile ar son Dhiarmada…thacht an t-éad Fionn agus ghin sé fonn dochloíte díoltais ann…nuair a chaill na lorgairí, Clanna Neamhnainn, lorg Dhiarmada agus Ghráinne ag an tSionainn, d'fhógair Fionn go gcrochfadh sé iad mura bhfaighidís an lorg go luath…
- Grá Aonghusa agus grá chairde Dhiarmada dó…tháinig Aonghus i gcabhair ar Dhiarmaid…ag Doire Dá Bhaoth agus ag Caorthann Dubhrois agus ba é Aonghus a ghlac corp Dhiarmada chuige féin ar deireadh…
- Maidir le cairde Dhiarmada, níor stad siad de bheith ag iarraidh Diarmaid a chosaint ar Fhionn agus ag impí ar Fhionn gan an locht a chur ar Dhiarmaid…ach bhí sé fánach acu…nuair a dúirt na lorgairí go raibh Diarmaid i nDoire Dá Bhaoth, mhóidigh Fionn go mbainfeadh sé díoltas amach ar gach rud a rinne Diarmaid air…
- Thug Diarmaid trí phóg do Ghráinne os comhair Fhinn ach faoin am sin bhí a fhios ag Diarmaid nárbh fhéidir dul ar ais agus bhí sé ag tabhairt a dhúshláin…
- Mhóidigh Fionn arís go dtabharfadh Diarmaid a cheann ar son na bpóg sin…an fonn díoltais ag méadú…
- D'fhágadh Diarmaid píosa feola gan greim as mar chomhartha d'Fhionn nár bhain sé le Gráinne…is cosúil gur fhan cúrsaí amhlaidh go dtí gur thosaigh Gráinne ag spochadh as Diarmaid ag rá go raibh an braon uisce níos dáine ná é…rinne Diarmaid bean de Ghráinne…
- Díoltas Fhinn sa scéal faoi Chlanna Morna…d'iarr Fionn orthu ceann Dhiarmada nó caora chaorthainn Dubhrois a fháil dó mar éiric…bhí sé geall le bheith dodhéanta díoltas Fhinn a shásamh…
- Ag an gcaorthann thaispeáin Oisín agus cairde Dhiarmada a ngrá do Dhiarmaid agus iad ag iarraidh rabhadh a chur chuige…thaispeáin Diarmaid a ghrá d'Oisín ag cabhrú leis sa chluiche fichille á chur féin i mbaol agus ag cur oilc ar Ghráinne…
- Dá fhad a lean an tsíocháin a rinne Aonghus eatarthu, thiocfadh bás Dhiarmada luath nó mall de dheasca an díoltais…
- Fionn ar mhullach Bhinne Gulban…
- Bhí Diarmaid faoi gheasa gan seilg mhuice a dhéanamh…

- Nuair a ghoin an torc Diarmaid go marfach, bhí Fionn sásta Diarmaid a fheiceáil i ndroch-chaoi …ba thrua leis nach raibh mná na hÉireann ábalta é a fheiceáil mar sin…bhí an chumhacht ag Fionn Diarmaid a shábháil ach deoch uisce a thabhairt dó óna lámha féin…bhagair Oscar air gan ligean do Dhiarmaid bás a fháil…chuaigh Fionn ar thóir uisce dhá uair ach lig sé an t-uisce trína mhéara…faoin am a tháinig sé le huisce an tríú huair bhí Diarmaid marbh…
- Sa laoi a chan Gráinne ag deireadh na Tóraíochta, ghríosaigh sí a clann chun díoltas a fháil de bharr bhás Dhiarmada…

**4D. Gafa**

'Is daoine féinlárnacha, leithleacha iad Breandán agus Eoin sa sliocht as an úrscéal *Gafa*, agus is mór an t-anró a fhulaingíonn Eithne dá bharr sin.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar Bhreandán agus ar Eoin agus ar anró agus ar fhulaingt Eithne.

**Nótaí tacaíochta**

- Tá sé soiléir go bhfuil Eithne ag éirí tinn tuirseach de bheith ag freastal ar Eoin…stocaí bréana an mhic chéanna á n-aimsiú aici lá i ndiaidh lae…tagann sí ar na giuirléidí agus baintear siar aisti…an trealamh drugaí ceilte i stoca faoin leaba…faitíos uirthi… í amhrasach faoina mac…
- Nuair a thagann Eoin abhaile luath ón scoil tá sé ar nós cuma leis le hEithne…tugann sé *Froggy* ar a mhúinteoir Fraincise cé go bhfuil a fhios aige nach dtaitníonn a leithéid d'ainm magaidh lena mháthair…glaonn sé 'cráiteoir seanfhaiseanta' ar a mháthair…
- Ní hamháin go ndearna Eoin praiseach den scoilbhliain roimhe sin ach níl mórán iarrachta á déanamh aige ach an oiread anois…rud eile a chuireann buairt ar Eithne…cúlú sa cheangal idir Eithne agus Eoin…
- Brostaíonn Eoin amach arís ag fágáil Eithne i lár abairte ag rá go bhfuil a dhinnéar réidh aici dó… fágann sé Eithne bhocht ag caoineadh, fonn uirthi éalú as a hintinn féin le nach mbeidh uirthi aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne…
- Breandán ag am tae…é sáite san Indo…bhraithfeá trua d'Eithne agus scamall ar a croí…í ina príosún beag féin ag faire ar a clann…iad go léir gafa lena gcúraimí féin, iad beag beann uirthi…nuair a ghlaonn Breandán *Froggy* ar mhúinteoir Eoin…údar mór gáire d'Eoin…
- Bíonn Eoin agus Breanndán róthógtha suas lena scéiméireacht féin chun smaoineamh ar Eithne – a fhios ag Eoin gurbh fhéidir leis 'an seanleaid' a scriosadh lena bhfuil ar eolas aige faoi Bhreandán agus a bhean luí, Amy…Breandán ar a dhícheall chun é féin is a mhídhílseacht a cheilt ar Eoin agus ar Eithne…
- Tá easpa cumarsáide sa ghaol idir Eithne agus Breandán…é ag suirí le bean eile…ní mhothaíonn Eithne go bhfuil sí in ann ábhar a himní a phlé le Breandán…intinn Eithne ciaptha…nuair a dhéanann sí iarracht bheag labhairt leis, freagraíonn sé go borb í…baineann a bhoirbe stangadh aisti…
- Méadaítear ar bhuairt Eithne…tagann Eoin abhaile ag uair mharbh na hoíche…sásaíonn sé Breandán nuair a dhéanann sé amach nach raibh Eoin ag ól…é sásta a chreidiúint go saonta nach raibh tada ar siúl ag Eoin agus Cillian ach ag éisteacht le ceol mar níor mhian leis olc a chur ar a mhac chun a rún féin a chosaint…
- Ag an mbriseadh lártéarma…Eithne i mbun obair tí…Breandán ag fógairt go bhfuil sé ar intinn aige bailiú leis chun cúpla lá a chaitheamh lena dheartháir…aon uair a dhéanann sí iarracht cúis a himní a phlé le Breandán bíonn rud éigin níos práinní idir lámha aige, é beag beann ar a bhfuil ag tarlú faoina dhíon tí féin…

- Titeann an lug ar an lag aici an oíche nuair a fhaigheann sí Eoin sínte ar an tairseach agus b'éigean di, -'idir fhaitíos agus chaoineadh ag méadú inti'- aghaidh a thabhairt ina haonar ar 'rian na snáthaide i lúb na huillinne air'…
- Nuair a bhíonn siad ag freastal ar an gcomhairleoir, is í Eithne an t-aon duine a ghlacann leis an bpróiseas…rian na mífhoighne ar éadan Bhreandáin…Eoin ar a dhícheall ag iarraidh beag is fiú a dhéanamh den rud ar fad agus é ag ligean air nár ghlac sé drugaí ach cúpla uair…Eithne faoi bhrú…
- Breandán ag iarraidh a chiontacht féin in andúil Eoin a sheachaint agus a laghad spéise atá léirithe aige sa chlann ó thosaigh sé ag suirí le hAmy…
- De réir a chéile athraíonn imní Eithne go fearg – le Breandán as an easpa tacaíochta agus as an tslí a mbíonn sé ag iarraidh beag is fiú a dhéanamh d'iompar Eoin…
- Ní fhoghlaimíonn aon duine ón gcomhairleoir ach amháin Eithne…foghlaimíonn sí conas na nithe beaga a ligean le sruth ina caidreamh le hEoin…faoin am a thagann saoire na Nollag, …Eithne ina haonar…níl aon tacaíocht le fáil ó Bhreandán, é giorraisc léi…gan aon spéis a thuilleadh aige ar rud ar bith a dhéanamh ina teannta…oíche a hargóna le hEoin, cuireann Breandán glaoch abhaile ag insint na mbréag arís go bhfuil sé ag dul ag ól lena chomhrádaithe ón scoil…a mhímhacántacht…Eithne suaite de bharr an anró ar fad atá le fulaingt aici…
- Breandán agus Amy le chéile i mbeár chlub oíche an Esquire ar a dó a chlog ar maidin agus nach cás do Bhreandán ar chor ar bith é gur inis sé an bhréag lom d'Eithne tamall gairid roimhe sin…is ar a fhéinchúis a bhíonn sé de shíor ag smaoineamh…
- Nuair a thagann Breandán abhaile an mhaidin dár gcionn agus Eithne as a meabhair le himní toisc nach bhfuil tásc ná tuairisc ar Eoin ón tráthnóna roimhe sin, ní ar Eoin ná ar Eithne ach ar a chás féin atá Breandán ag smaoineamh agus an baol ann go gceisteofaí é faoina eachtraí féin…
- Bíonn ar Eithne an t-ualach ar fad a iompar ina haonar – í 'ag smaoineamh, ag múscailt na gcuimhní, ag cíoradh na ceiste' gan stad go dtí go mbíonn sí cortha cráite ar fad den scéal…

**4E. Canary Wharf**

'Sa scéal *Cosaint Sonraí*, gligín ceart a bhí i Leanóra, an maor foirne, a bhain taitneamh rómhór as an mbeagán cumhachta a bhí aici, dar le Gráinne.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar an mbeirt bhan, Leanóra agus Gráinne agus fírinne an ráitis a léiriú.

**Nótaí tacaíochta**
- Is breá le Leonóra an saol bog – tá sí in éad le Seán a bhfuil lá saor aige…ba bhreá le Leonóra lá saor a chaitheamh ina hárasán breá te ina culaith oíche go dtí a trí…
- Bhí lá oibre déanta ag Gráinne, í sáite in obair na maidine faoin am a phlab Leonóra í féin in aice léi…bhí Gráinne gnóthach leis an liosta míosúil de na tithe nach raibh an bille gáis íoctha acu…
- Bhí Gráinne díograiseach, feidhmiúil i dtaobh na hoibre…ní raibh Leonóra ach ag máinneáil timpeall ag cabaireacht agus ag cur ama isteach…d'fhágadh sí an oifig gach tráthnóna chomh tapa agus ab fhéidir léi gan fiú an ríomhaire a mhúchadh…
- Thug Leonóra gach aire di féin – ag geonaíl faoina méara 'sioctha ag an bhfuacht'…ag dul ar thóir *latte* sula dtosódh sí…an rud is mó suime léi san oifig ná an meaisín nua caife…
- Bhí Gráinne fuinniúil bríomhar, an *Scott Dunn Polar Challenge* idir lámha aici – ba bhreá léi dúshlán a chur roimpi féin, rud nár thuig Leonóra de réir dealraimh: 'cén fáth ó thalamh an

domhain' a raibh dúil ag Gráinne tabhairt faoin dúshlán sin...cheap Leonóra go raibh Gráinne craiceáilte…

- Duine domhain tuisceanach ba ea Gráinne…thuig sí go raibh roinnt daoine, seandaoine go háirithe, a raibh deacrachtaí acu na billí a íoc…bhí comhbhá ag Gráinne le daoine mar sin mar shampla theastaigh uaithi rabhadh a thabhairt do Mhuintir Hilliard go rabhthas chun an soláthar gáis a ghearradh orthu…
- Gligín baoth ba ea Leonóra a bhí beag bheann ar mhothúcháin daoine eile…is cuma léi faoi na daoine nach raibh ábalta na billí gáis a íoc…ní raibh uaithi ach í féin a chosaint agus cloí go docht leis na rialacha…'ní ceart ligean do do thuairimí féin cur isteach ar do chuid oibre', a d'fhógair sí le Gráinne…
- Maor foirne ba ea Leonóra…mheas Leonóra í féin go raibh sí ag druidim le post bainistíochta …murab ionann is Gráinne a bhí solúbtha umhal, bhí Leonóra údarásach, ceannasach, dolúbtha…ní bheadh sí sásta na rialacha a lúbadh beagán chun cabhrú le muintir Hilliard…
- 'Dá mbeifeása i do stiúrthóir anseo, bheimis ar fad ag fágáil slán lenár dtuarastal', a dúirt Leonóra os ard le Gráinne…is duine fonóideach, mórchúiseach í Leonóra i gcomparáid le Gráinne atá modhúil, measartha…
- Labhraíonn Leonóra go díspeagúil le Gráinne: 'An liosta? Maith an cailín! Déanta agat cheana féin'…
- Nuair nach féidir le Gráinne logáil isteach sa lár-ríomhaire, bhain Leonóra sásamh as a rá léi: 'Gan amhras beidh bealach isteach agat. Tríomsa'…bíonn sí ag maíomh gur cuireadh ar an eolas í roimh na hoibrithe eile mar gur duine sinsearach í…
- Tá sí searbhasach ag magadh faoi Ghráinne nuair a labhraíonn sí faoi hata a chur timpeall na rannóige agus bailiúchán speisialta a dhéanamh do gach seanóir cancrach chun íoc as an ngás a ídíonn siad ar a gcupáin tae'…

**4F. Dánta Breise – Caoineadh Airt Uí Laoghaire**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Tugtar léiriú dúinn ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar a croíbhriseadh tar éis a bháis sa dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. É sin a phlé. **Eolas = 19 marc**

| Catagóir | Eolas | (19 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar ghrá Eibhlín d'Art agus ar a croíbhriseadh tar éis a bháis<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sártheagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 17-19 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar ghrá Eibhlín d'Art agus ar a croíbhriseadh tar éis a bháis<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 14-16 |
| **Maith** | Achoimre ar an dán<br>Insint lom ar an dán sna pointí eolais | 11-13 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 8-10 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-7 |

**Treoir:** Grá Eibhlín d'Art agus an léiriú ar a croíbhriseadh tar éis a bháis mar aon le tagairtí cruinne téagartha do théacs an dáin atá ag teastáil sa fhreagra.

**Nótaí tacaíochta**

- Tá grá fíochmhar paiseanta mar aon le brón agus crá croí na baintrí le brath go láidir ó thús an dáin…
- Labhraíonn Eibhlín go díreach le corp a fir mhairbh 'mo ghrá go daingean tu…' ag cur a grá dó in iúl agus í ag iarraidh a tocht bróin a chur di…oscailt spleodrach phaiseanta…neart a grá dó…
- Smaoiníonn sí go grámhar ar an lá agus ar an áit a bhfaca sí é den chéad uair…deir sí gur thit sí i ngrá leis ar an bpointe boise…
- Déanann sí cur síos ar cé chomh sásta is a bhí sí sa phósadh agus ar fhlaithiúlacht Airt…chaith sé go fial léi – seomraí a phéinteáil, neart le hithe agus 'codladh i gclúmh lachan dom'… Bíonn athrá na nathanna mar 'mo chara thú go daingean' ag dearbhú a grá dó arís is arís… Molann sí a uaisleacht agus a phearsantacht…bhí sé dathúil agus cróga agus misniúil…laoch a bhí ann di…glaonn sí ainmneacha ceana air go minic – 'a mhuirnín mh'anama', 'mo chara', 'mo rún', 'mo chuid'…
- Tá truamhéil agus dianbhrón ann nuair a thagraíonn sí do na páistí ag glaoch air gan freagra a fháil…
- Éiríonn an dán níos drámatúla agus níos cumasaí ón bpointe a insíonn sí faoi chapall Airt ag filleadh abhaile…bhí a fhios ag Eibhlín láithreach go raibh tubaiste tar éis titim amach…
- Bhí Eibhlín cosúil le bean mhire….a croíbhriseadh anois de bharr a bháis anabaí…
- Tá briseadh croí agus éadóchas Eibhlín le feiceáil go háirithe sna línte a léiríonn go bhfuil an saol ag dul ar aghaidh…ach ní féidir le hEibhlín dul ar aghaidh mar tá cumha doleigheasta ar a croí…

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) d'Art a chuirtear romhainn sna línte 19-29 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) **Eolas = 8 marc**

| **Catagóir** | **Pointe eolais 1 (4 mharc)** | **Pointe eolais 2 (4 mharc)** |
|---|---|---|
| Sár-mhaith | 4 | 4 |
| An-mhaith | 3 | 3 |
| Maith | 2 | 2 |
| Measartha | 1 | 1 |
| Lag/An-lag | 0 | 0 |

- Léiríonn Eibhlín íomhá d'Art mar fhear fíordhathúil, rómánsúil, mealltach, fearúil, misniúil… Tugann sí suntas don tslí a raibh sé gléasta an chéad uair a chonaic sí é; mheas sí gur oir an hata a bhí á chaitheamh aige dó – hata péacach le ribín óir timpeall air…fear díomasach, gáifeach ba ea é…
- Bhí 'claíomh cinn airgid' aige a léirigh a chrógacht, a ghaisciúlacht agus an eagla a chuir sé ar a naimhde…léirigh sé bród agus mórtas lena 'lámh dheas chalma'…
- Bhí 'rompsáil bhagarthach'ar siúl aige – geáitsíocht bhagrach d'fhonn eagla a chur ar a naimhde…bhí siadsan ag géilleadh dó agus eagla orthu roimhe…bhí sé réidh chun troda – ní raibh eagla air féin roimh a naimhde…bhí sé dána, meargánta, dúshlánach…
- Bhí saibhreas Airt feiceálach – níor cheil sé é…bhí capall breá aige ag pramsáil timpeall…claíomh cinn airgid agus éadaí galánta…

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn as an dán. **Eolas = 8 marc**

An mheadaracht a ainmniú = **2** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc
Sampla cruinn = **2** mharc
An mheadaracht a ainmniú: meadaracht an amhráin/Rosc/véarsaíocht aiceanta
Pointe **amháin** eolais: línte gearra le dhá nó trí bhéim iontu…an guta aiceanta céanna ann ag deireadh gach líne…línte aiceanta…uaim…comhfhuaim…
Sampla cruinn ábhartha as an dán chun an ghné a luaitear sa phointe eolais a léiriú = **2** mharc

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)

**nó**

- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM'** a chur ar Pháipéar I ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar II nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.